NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

ceardlann
02

FÓCAS AR AN BHFOGHLAIM

# CEISTIÚ ÉIFEACHTACH

# Intinní foghlama don cheardlann seo

Ba chóir duit bheith in ann:

- Tuiscint cad is ceistiú éifeachtach ann
- Machnamh ar bhealaí le ceistiú a dhéanamh níos éifeachtaí
- Cuntas a thabhairt ar straitéisí le haghaidh ceistiú éifeachtach sa seomra ranga

# Cad is ceistiú éifeachtach ann?

Is é atá ann ceisteanna a chumadh, a sheachadú, a uainiú, a iarraidh agus freagairt dóibh chun faisnéis a sholáthar faoi eolas, tuiscint agus scileanna scoláirí a chuirfidh bonn eolais faoi phleanáil an mhúinteora agus faoina rogha de straitéisí teagaisc chun scoláirí a bhogadh ón áit a bhfuil siad go dtí an áit ar gá dóibh dul.

# An gcuirimid an iomarca ceisteanna?

Léiríonn taighde go gcuireann múinteoirí tuairim ar cheist amháin gach **72** soicind….

……le fírinne is é an múinteoir a fhreagraíonn **38%** díobh sin .

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Machnaigh


Cé chomh maith is a chabhraíonn na ceisteanna a chuirimid faoi láthair linn:

- a aithint cén áit a bhfuil scoláirí faoi láthair ina gcuid foghlama
- an fhoghlaim a leathnú agus a dhoimhniú
- bonn eolais a chur faoin bpleanáil d'fhoghlaim sa todhchaí?

An bhfuil aon rud a dhéanfá níos fearr nó ar bhealach eile chun na trí sprioc seo a chur i gcrích

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# An t-atmaisféar ceart a chruthú




1. Cultúr a chur chun cinn ina dtéitear san amhantar
2. Pobal fiosrach a chruthú
3. Tiomantas don fhoghlaim le haghaidh gach duine a léiriú

## Déan an ceistiú níos éifeachtaí trí ... CEISTEANNA NÍOS FEARR A CHUR

- Cuir níos lú ceisteanna
- Cuir níos mó ceisteanna ‘oscailte’
- Seicheamhaigh ceisteanna
- Ullmhaigh eochaircheisteanna

## Déan an ceistiú níos éifeachtaí trí … ceist a chur ar bhealach

- Bíodh an rang uile páirteach
- Smaoinigh, péireáil, comhroinn
- Cuir am ar fáil le haghaidh smaointeoireachta
- Bain triail as ‘ná cuirigí suas lámh’

## Déan an ceistiú níos eifeachtaí trí…

# …deileáil le freagraí go táirgiúil.

- Úsáid freagraí míchearta chun tuiscint a fhorbairt
- Tabhair leideanna do scoláirí
- Éist agus freagair go dearfach

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## Déan an ceistiú níos éifeachtaí trí…
# ceisteanna scoláirí a ghiniúint

- Déan samhail de cheistiú do scoláirí
- Soláthraigh deiseanna chun go mbeidh scoláirí in ann a scileanna a chleachtadh
- Pleanáil am do cheisteanna scoláirí agus chun déileáil leo go héifeachtach

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Ceisteanna le haghaidh plé

- An gcuireann scoláirí ceisteanna i do rang? Cad iad na cineálacha ceiste a chuireann siad?
- Conas a chuideodh cleachtais éifeachtacha cheistiúcháin chun teagasc agus foghlaim a dhéanamh níos spéisiúla?
- Cén ghné de do cheistiúchán a ndéanfá athbhreithniú uirthi agus cén fáth?

# Príomhtheachtaireachtaí

- Is ríthabhachtach an t-atmaisféar ceart a bhunú
- Féach ar an seomra ranga mar phobal fiosrach
- Bí féin i do cheistitheoir chomh maith leis an scoláire
- Is é cuspóir ceistiú éifeachtach
  - An leibhéal tuisceana faoi láthair a aithint
  - Foghlaim a leathnú agus a dhoimhniú
  - é a bheith mar bhonn eolais le haghaidh pleanála sa todhchaí

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment